Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0272(COD)**

**11960/23**
**ADD 2**

**ENV 871**
**COMER 95**
**MI 632**
**ONU 50**
**SAN 460**
**IND 401**
**CODEC 1391**
**IA 190**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 395 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>*a ghabhann leis an doiciméad*<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fiaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo faoi réir srianta ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 395 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 395 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2023
SWD(2023) 395 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fiaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo faoi réir srianta ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú**

{COM(2023) 395 final} - {SEC(2023) 395 final} - {SWD(2023) 396 final} -
{SWD(2023) 397 final}

GA GA

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

### Comhthéacs beartais

Is substaint ghuaiseach é mearcair atá ina bhagairt ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Tar éis Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a shíniú in 2013, leag an tAontas síos Rialachán (AE) 2017/852 maidir le Mearcair, lena socraítear teorainneacha maidir le húsáid mearcair i raon táirgí agus lena dtoirmeasctar onnmhairiú mearcair mhiotalaigh ón Aontas. Le hAirteagal 19(1) den Rialachán ceanglaíodh ar an gCoimisiún toradh a athbhreithnithe a thuairisciú maidir le trí réimse fócais:

- A indéanta a bheadh sé úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú amach, agus is fearr sin faoi 2030;
- Astaíochtaí mearcair agus comhdhúl mearcair ó chréamatóiriamaí; agus
- Sochair chomhshaoil agus a indéanta a bheadh sé Iarscríbhinn II a ailíniú a thuilleadh le reachtaíocht ábhartha an Aontais lena rialáiltear táirgí ar cuireadh mearcair leo a chur ar an margadh.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú amach roimh 2030 agus go bhfuil an bonn fianaise maidir le hastaíochtaí mearcair ó chréamatóiriamaí thar a bheith neamhchinnte, agus gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith. Iarradh freisin ann go ndéanfaí tuilleadh oibre chun measúnú a dhéanamh ar an gá le toirmeasc a chur ar tháirgí áirithe ar cuireadh mearcair leo a chur ar an margadh, a mhonarú agus a onnmhairiú. Leis an staidéar sin, tacófar leis an gCoimisiún measúnú breise a dhéanamh ar na réimsí fadhbanna sin, agus é d'aidhm aige tacú le hathbhreithniú ar an Rialachán. Rannchuideoidh an obair sin agus aon togra reachtach ina diaidh leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht saor ó thocsainí a fógraíodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú agus sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht.

### Aidhmeanna agus cuspóirí an staidéir

Is é is aidhm fhoriomlán don staidéar imscrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na trí réimse fadhbanna faoi Airteagal 19(1) chun tacú le hathbhreithniú ar Rialachán (AE) 2017/852 maidir le Mearcair. Leis sin, dúnfar na bearnaí atá fágtha i reachtaíocht an Aontais chun rannchuidiú le cuspóirí Choinbhinsiún Minamata agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is iad seo na cuspóirí beartais sonracha le haghaidh gach ceann de na trí réimse fadhbanna:

**Fadhb 1** – Measúnú a dhéanamh ar cén uair a d'fhéadfaí úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú amach (níos luaithe ná 2030), agus forbairt á déanamh ar an ngealltanas a rinneadh in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2017/852 maidir le Mearcair chun úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú síos.

**Fadhb 2** – Laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ó chréamatóiriamaí go leibhéil nach meastar a bheith suntasach do shláinte an duine ná don chomhshaol, i gcomhréir leis an uaillmhian go gcruthófar timpeallacht saor ó thocsainí mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú.

**Fadhb 3** – Laghdú a dhéanamh ar mhearcair a bheith á chur i gcúrsaíocht sa tsochaí trí sholáthar agus éileamh mearcair i dtáirgí a stopadh do na slabhraí soláthair uile atá de thionscnamh an Aontais. Tá sé sin i gcomhréir leis an ngealltanas sa Phlean

Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú agus sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht chun lorg truailliúcháin seachtrach an Aontais a laghdú agus srian a chur ar onnmhairí táirgí nach gceadaítear i margadh an Aontais.

**Cur chuige**

Chun measúnú breise a dhéanamh ar na trí réimse sin, sainíodh an fhadhb (lena n-áirítear príomhchúiseanna agus príomhthionchair), sainaithníodh foinsí sonraí agus sainíodh na cuspóirí beartais le haghaidh gach réimse fadhbanna. Forbraíodh cás bunlíne ansin le haghaidh gach réimse fadhbanna, arb é an tagarmharc a chuirfear i gcomparáid leis na roghanna beartais é, agus lena leagtar amach an rud a tharlódh i gcás nach ndéanfaí 'athrú ar bith'. Sainíodh liosta fada beart beartais bunaithe ar an Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ar Airteagal 19(1) agus ionchur ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara. Scagadh na bearta sin ansin, agus coinníodh bearta roghnaithe agus rinneadh measúnú ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil i gcomparáid leis an gcás bunlíne, i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Coinníodh sé rogha beartais (agus fo- roghanna acu) a ndearnadh comparáid eatarthu ansin agus sainaithníodh pacáiste beartais ab fhearr. Ba chomhchuid uileghabhálach den staidéar é clár domhain comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Sa straitéis chomhairliúcháin áiríodh comhairliúchán poiblí oscailte, suirbhé comhairliúcháin spriocdhírithe, agallaimh spriocdhírithe, grúpa fócais agus dhá cheardlann chomhairliúcháin.

**An fhadhb a shainiú**

Fadhb 1 – Malgam fiaclóireachta

Úsáidtear malgam fiaclóireachta mar ábhar líonta chun dromchlaí fiacla a athchóiriú, agus sin í an úsáid is mó atá fágtha de na húsáidí a bhaintear d'aon ghnó as mearcair san Aontas. D'fhéadfadh astaíochtaí mearcair a bheith mar thoradh ar úsáid malgaim fiaclóireachta, le linn do chleachtóirí fiaclóireachta é a leagan/a bhaint, trí eisfhearadh nó trí dhaoine a bhfuil athchóirithe malgaim fiaclóireachta acu a chréamadh nó a adhlacadh. Tá éifeachtaí díobhálacha do shláinte an duine ann de dheasca na n-astaíochtaí sin ar a seal. D'fhéadfadh nochtadh teoranta tarlú freisin le linn saolré athchóirithe. Tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit san úsáid a bhaintear as malgaim fiaclóireachta, mar shampla rinne an tSualainn úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú amach go hiomlán, ach bhain ocht mBallstát úsáid as malgam fiaclóireachta le haghaidh níos mó ná 50 % de na hathchóirithe a rinneadh in 2019. Is féidir go bhfuil a úsáid leanúnach á spreagadh ag easpa cumarsáide/feasachta maidir le roghanna malartacha saor ó mhearcair, ag easpa oiliúna cleachtóirí ar roghanna malartacha den sórt sin a úsáid agus, i gcásanna áirithe, ag costais níos airde as aisíocaíocht ar roghanna malartacha saor ó mhearcair.

Fadhb 2 – Astaíochtaí mearcair ó chréamatóiriamaí

Leanann créamatóiriamaí de bheith ina bhfoinse thábhachtach astaíochtaí mearcair san Aontas, ar de thionscnamh líontaí malgaim i dtaisí daonna iad. Tá an líon créamatóiriamaí agus a méid an- éagsúil idir na Ballstáit, mar shampla tá an líon is mó créamatóiriamaí san Aontas ag an Spáinn ach déantar níos lú ná 350 créamadh in aghaidh na bliana sa chuid is mó díobh, ach déantar 5 000 créamadh in aghaidh na bliana ar an meán i gcréamatóiriamaí sa Chróit. Tháinig méadú 38 % ar an líon créamadh a rinneadh san Aontas go bliantúil idir 2010 agus 2019, agus meastar go leanfar den mhéadú ar chréamadh ar fud an Aontais go dtí 2030. Is féidir astaíochtaí ó chréamatóiriamaí a sheachaint trí theicnící laghdaithe astaíochtaí a úsáid. Níl aon rialachán uile- Aontais ann faoi láthair maidir le húsáid teicnící den sórt sin, cé

go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh méadú ar a n-úsáid agus go bhfuil teicnící laghdaithe astaíochtaí molta ag Coimisiúin OSPAR agus HELCOM. Ós rud é go maireann líontaí malgaim fiaclóireachta 15-20 bliain ar an meán, beidh astaíochtaí ó chréamatóiriamaí fós ann fiú amháin tar éis úsáid malgaim fiaclóireachta a bheith céimnithe amach.

<u>Fadhb 3 – Monarú táirgí ar cuireadh mearcair leo lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha</u>

Tá dlíthe éagsúla i bhfeidhm chun toirmeasc a chur ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach san Aontas, ach is ann do tháirgí ar cuireadh mearcair leo a leantar dá monarú san Aontas agus dá n-onnmhairiú chuig tríú tíortha d'ainneoin toirmeasc a bheith ar a gcur ar mhargadh an Aontais. Tá sé sin ina chúis shuntasach le truailliú mearcair i dtríú tíortha, áit a gcuireann táirgí de dhéantús an Aontais leis an ualach náisiúnta táirgí guaiseacha. In go leor cásanna, d'fhéadfaí táirgí ar cuireadh mearcair leo a fháil ar deireadh i líonadh talún nó a loscadh i roinnt cásanna. Lagaíonn sé sin staid an Aontais mar cheannaire domhanda agus tá sé ina bhagairt ar a chumas a chuspóirí a chomhlíonadh i dtaobh lorg truailliúcháin seachtrach an Aontais a laghdú. Ar na táirgí ábhartha ar cuireadh mearcair leo a bhreithnítear sa staidéar seo tá malgam fiaclóireachta agus cineálacha éagsúla lampaí, a bhfuil toirmeasc orthu faoi láthair nó a bhfuil toirmeasc le cur orthu go luath sa mhargadh inmheánach ach a leantar dá monarú agus dá n-onnmhairiú.

**Roghanna beartais**

Sainíodh liosta fada beart ionchasach bunaithe ar an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hAthbhreithniú ar Airteagal 19(1) agus ionchur ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara. Scagadh na bearta sin ansin, i gcomhréir le hUirlis #16 maidir le Rialáil Níos Fearr, chun na cinn ar cheart tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu a shainaithint, agus rinneadh na 13 bheart a bhí fágtha a choinneáil ansin le haghaidh tuilleadh anailíse (trí cinn maidir le malgam fiaclóireachta, sé cinn maidir le créamatóiriamaí, ceithre cinn maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo). Rinneadh measúnú ar na bearta sin ó thaobh a dtionchar, agus coinníodh sé rogha beartais. Leagtar amach thíos na roghanna beartais coinnithe maidir le gach fadhb.

Liostaítear sa tábla thíos na roghanna beartais a cuireadh ar an ngearrliosta.

| Rogha Beartais |
|---|
| PO1 – Feachtais cumarsáide sláinte fiacla |
| PO2 – Dáta deiridh, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, don úsáid malgaim fiaclóireachta san Aontas a bhunú |
| PO3 – Treoraíocht ón Aontas maidir le laghdú astaíochtaí i gcréamatóiriamaí a fhoilsiú |
| PO4 – Cur i bhfeidhm éigeantach laghdaithe astaíochtaí i gcréamatóiriamaí |
| PO5 – Comhaontú domhanda maidir le toirmeasc a chur ar mhonarú agus trádáil lampaí a bhfuil mearcair iontu |
| PO6 – Toirmeasc an Aontais ar mhonarú agus onnmhairiú táirgí ar cuireadh mearcair leo |

**Comparáid idir roghanna**

<u>Fadhb 1 – Malgam fiaclóireachta</u>

Cé gur dócha go mbeidh na costais a bhainfidh le PO1 teoranta, is dócha freisin gur beag iad na sochair shóisialta agus chomhshaoil a bheidh ann dá thoradh agus ní féidir cainníochtú

láidir a dhéanamh ar thionchair mar gheall ar neamhchinnteachtaí i dtaobh an chineáil feachtais agus a chur chun feidhme. Déanann roinnt Ballstát feachtais den sórt sin a eagrú cheana, agus d'fhéadfadh sé mar sin nach n-imreodh feachtais bhreise mórán tionchair. I gcomparáid leis sin, beidh sochair shóisialta agus chomhshaoil shuntasacha le baint as PO2 ach thabhódh sé costais níos airde freisin. Trí úsáid malgaim fiaclóireachta a chéimniú amach ar bhonn uile- Aontais, d'áiritheofaí go gcéimneofaí amach go haonfhoirmeach í ar fud na mBallstát uile. A mhéid a thabhófar na costais agus na sochair sin, braitheann sé ar dháta theacht i bhfeidhm an chéimnithe amach (bheadh na sochair ba mhó le baint as céimniú amach faoi 2025). Ar an gcúis sin, is é PO2 an rogha thosaíochta.

Fadhb 2 – Astaíochtaí ó chréamatóiriamaí

An dáta céimnithe amach a roghnaítear faoi PO2, beidh éifeacht aige ina dhiaidh sin ar a mhéid a laghdófar astaíochtaí ó chréamatóiriamaí agus laghdóidh sé éifeachtacht agus cóimheas costais agus sochair PO3 agus PO4 (mar beidh níos lú mearcair ann le laghdú). Is lú i bhfad an costas a bhainfidh le PO3 (treoraíocht ón Aontas maidir le húsáid laghdaithe astaíochtaí) ná PO4, ach beidh na sochair chomhfhreagracha don chomhshaol agus do shláinte an duine níos lú freisin. I gcás PO4a (úsáid éigeantach teicneolaíochta laghdaithe astaíochtaí ag na créamatóiriamaí uile), tá na costais ard i gcomparáid leis na sochair, go háirithe do FBManna. Má chéimnítear malgam fiaclóireachta amach faoi 2025 (mar a dhéantar i rogha thosaíochta PO2a), laghdófar astaíochtaí faoi 2030 mar sin tiocfaidh laghdú ar chostéifeachtacht na rogha sin. Faoi PO4b (créamatóiriamaí móra amháin), áfach, tagann an cóimheas costais agus sochair chun bheith dearfach.

Fadhb 3 – Táirgí ar cuireadh mearcair leo

Meastar gurb é PO5 an rogha thosaíochta chun go mbainfear amach an laghdú uasta ar úsáid mearcair a bhaineann le táirgí ach tá ardleibhéal neamhchinnteachta bainteach leis ó tharla go bhféadfadh sé nach dtiocfaidh Páirtithe i gCoinbhinsiún Minamata ar chomhaontú ag COP5 nó COPanna ina dhiaidh sin. Thabharfadh PO6 caoi don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh láithreach maidir leis an tsaincheist sin, a lorg truailliúcháin seachtrach a laghdú agus comhartha polaitiúil a thabhairt san fhearann idirnáisiúnta. Má phleanáiltear níos mó am idir glacadh an tionscnaimh agus teacht i bhfeidhm toirmisc is lú an riosca go mbeidh tionchair dhiúltacha ann, agus ní bheadh coinne le haon tionchar diúltach má leanann toirmeasc domhanda é. Dá bhrí sin, is é toirmeasc faoi 2025 ar mhalgam fiaclóireachta, agus faoi 2026/28 ar lampaí ábhartha is fearr faoi PO6, ach coinnítear PO5 agus PO6 araon mar roghanna tosaíochta.